Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge i ndáil le hainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2022/C 386/13)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

"Yecla"

PDO-ES-A0606-AM02

Dáta teachtaireachta: 12.7.2022

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. **An téarmaíocht a úsáidtear le haghaidh pharaiméadair anailíseacha iomlán na siúcraí a ailíniú leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm**

TUAIRISC:

Athraíodh ainm an pharaiméadair anailísigh "iomlán na siúcraí" go "iomlán na siúcraí arna shloinneadh mar ghlúcós móide fruchtós" i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 ([2]), lena ndéantar foráil maidir le hiomlán na siúcraí a chinneadh, arna shloinneadh i dtéarmaí fruchtóis agus glúcóis.

Baineann an leasú seo le pointe 2(a) (saintréithe anailíseacha) den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é seo toisc go n-oiriúnaíonn sé an téarmaíocht a úsáidtear le haghaidh na saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha, ach níl aon athrú ar an táirge deiridh i gceist leis. Coinníonn an táirge na saintréithe agus an phróifíl a dtugtar tuairisc orthu sa nasc, ar saintréithe agus próifíl iad is toradh ar an idirghníomhú idir tosca nádúrtha agus tosca daonna. Dá bhrí sin, meastar nach mbaineann an leasú seo le haon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

CÚISEANNA:

Ba ghá an bealach ina sloinntear an méid iomlán siúcra sna fíonta a dhéanamh níos sonraí.

2. **Méadú ar na teorainneacha aigéadachta luainí**

TUAIRISC:

Méadaíodh an teorainn aigéadachta luainí go 0,8 g d'aigéad tartarach in aghaidh an lítir d'fhíonta geala agus rosé. I gcás fíonta dearga agus fíonta licéir, níor cheart an aigéadacht luaineach a bheith níos mó ná 1,2 g d'aigéad tartarach in aghaidh an lítir. I bhfíonta súilíneacha, méadaíodh é go 1 g d'aigéad tartarach in aghaidh an lítir.

Baineann an leasú seo le pointe 2(a) (Saintréithe anailíseacha) den tsonraíocht táirge agus le pointe 4 den doiciméad aonair.

Ba cheart na hathruithe sin ar an tsonraíocht táirge a aicmiú mar leasú caighdeánach faoi Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/33.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.
([2]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 46.

CÚISEANNA:

Leagtar síos sa tsonraíocht reatha teorainneacha róshriantacha maidir le haigéadacht luaineach, gan táirgí a bhfuil saintréithe orgánaileipteacha iomchuí acu agus a fhreagraíonn do ghnáthchineál fíonta "Yecla" á gcur san áireamh. Mar gheall ar an modh chun na fíonta a ullmhú agus a aosú, tá na fíonta á gcoimeád i gcoimeádáin adhmaid anois a bhfuil toilleadh níos mó ná 330 lítear iontu. Nuair a sháraíonn an toilleadh an teorainn sin, ní féidir na téarmaí "Crianza" agus "Reserva" a úsáid. Is gnách leis na fíonta a fhágtar sna coimeádáin ar feadh tamaill aigéadacht luaineach a bheith acu atá cosúil leis an luach a bheadh acu dá mbeidís i mbairille 330 lítear, ach ní bhíonn drochthionchar aige sin ar an mblas agus dá bhrí sin is é an aidhm atá aige sin an paraiméadar sin a ailíniú leis na treochtaí aosaithe agus fíonóireachta atá ann faoi láthair. Beidh sé sin ar fad ar leas próisis táirgthe nach bhfuil an oiread idirghabhála ag baint leo agus ina ndéanfar coipeadh trí ghiostaí dúchasacha, rud a tháirgfidh fíonta níos sainiúla.

Ba cheart, dá bhrí sin, an paraiméadar anailíseach sin a athbhreithniú ar na cúiseanna a leagtar amach thuas ionas gur féidir an chuid de tháirgeadh na bhfíonlann, nach bhfuil in ann úsáid a bhaint as STFC faoi láthair, a mhargú faoi sin.

3. **Laghdú ar an neart alcóil iarbhír íosta agus ar an neart alcóil iomlán íosta i bhfíonta dearga**

TUAIRISC:

Tá na tairseacha íosta le haghaidh neart alcóil iarbhír agus neart alcóil iomlán i bhfíonta dearga laghdaithe 0,5 % de réir toirte.

Baineann an leasú seo le pointe 2(a) (Saintréithe anailíseacha) den tsonraíocht táirge agus le pointe 4 (Tuairisc ar fhíonta) den doiciméad aonair.

Ba cheart na hathruithe sin ar an tsonraíocht táirge a aicmiú mar leasú caighdeánach faoi Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/33.

CÚISEANNA:

I limistéar táirgeachta STFC "Yecla", fásann cineálacha fíonchaor a bhfuil saintréithe an-difriúil acu le chéile. Is é Monastrell an príomhchineál, arb ann dó in éineacht leis na cineálacha údaraithe eile, Tempranillo, Syrah, Merlot, Cabernet Sauvignon, Garnacha Tinta, Garnacha Tintorera agus Petit Verdot.

Go ginearálta, le 10 mbliana anuas, tá na margaí ag éileamh fíonta níos séimhe, le blas torthaí orthu, atá tarraingteach do ghlúin nua tomhaltóirí a bhfuil suim acu sa chultúr fíona. Ní mór do na fíoneolaithe na huirlisí is gá a bheith acu i ngach fíonghort chun fíonta a tháirgeadh a mheallfaidh margaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus na saintréithe agus na cineálacha atá le fáil inár limistéar táirgthe á gcoinneáil ag an am céanna.

Na tairseacha íosta maidir le neart alcóil iarbhír agus neart alcóil iomlán i bhfíonta dearga a laghdú 0,5 % de réir toirte, ní bheidh titim i gcáilíocht mar thoradh air sin; a mhalairt a bheidh i gceist, toisc go leathnaítear leis an raon roghanna a chuireann cineálacha fíonchaor éagsúil an limistéir ar fáil, rud lena mbítear in ann fíonta níos fíneálta, níos casta agus níos tarraingtí a tháirgeadh.

4. **Méadú ar na teorainneacha ar aigéadacht iomlán**

TUAIRISC:

Méadaíodh an teorainn ar aigéadacht iomlán i bhfíonta geala, rosé agus dearga go 7,5 g d'aigéad tartarach in aghaidh an lítir.

Baineann an leasú seo le pointe 2(a) (Saintréithe anailíseacha) den tsonraíocht táirge agus le pointe 4 (Tuairisc ar fhíonta) den doiciméad aonair.

Ba cheart na hathruithe sin ar an tsonraíocht táirge a aicmiú mar leasú caighdeánach faoi Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/33.

CÚISEANNA:

I limistéar táirgeachta STFC "Yecla", fásann cineálacha fíonchaor a bhfuil saintréithe an-difriúil acu le chéile. Is é an príomhchineál Monastrell, agus is iad na cineálacha dearga eile Tempranillo, Syrah, Merlot, Cabernet Sauvignon Garnacha Tinta, Garnacha Tintorera agus Petit Verdot agus is iad na cineálacha geala Macabeo, Airen, Merseguera, Malvasía, Chardonnay, Moscatel de Grano Menudo, Sauvignon Blanc agus Verdejo.

Go ginearálta, le 10 mbliana anuas, tá na margaí ag éileamh fíonta níos séimhe, le blas torthaí orthu, atá tarraingteach do ghlúin nua tomhaltóirí a bhfuil suim acu sa chultúr fíona. Dá bharr seo táthar á saothrú níos túisce le neart alcóil atá níos ísle, rud a d'fhéadfadh méadú beag a chur ar an aigéadacht iomlán.

5. **Athruithe ar na tuairiscí orgánaileipteacha**

TUAIRISC:

Leis an leasú sin cuirtear na saintréithe orgánaileipteacha in oiriúint ionas gur féidir iad a fhíorú ar bhealach níos fearr trí bhíthin anailíse céadfaí.

Baineann an leasú seo le pointe 2(b) (Saintréithe orgánaileipteacha) den tsonraíocht táirge agus le pointe 4 (Tuairisc ar fhíonta) den doiciméad aonair.

Ba cheart na hathruithe sin ar an tsonraíocht táirge a aicmiú mar leasú caighdeánach faoi Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/33, toisc nach athrú ar an táirge iad, táirge a choinníonn na saintréithe agus an phróifíl a thuairiscítear sa nasc mar thoradh ar an idirghníomhaíocht idir tosca nádúrtha agus daonna. Dá bhrí sin, meastar nach mbaineann an leasú seo le haon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

CÚISEANNA:

Níl laghdú ar cheanglais cháilíochta na bhfíonta a tháirgtear, a shainítear go soiléir, mar thoradh ar an leasú seo. Níl ann ach go n-aicmítear iad ar bhealach níos soiléire agus níos loighciúla, ag cabhrú le fíonlanna agus deimhnitheoirí measúnú orgánaileipteach a dhéanamh ar na fíonta.

Ina theannta sin, le cur chun feidhme chaighdeán UNE-EN-ISO 17065 maidir le fíorú na sonraíochta is gá leasú a dhéanamh ar an tuairisc orgánaileipteach ar na fíonta a chumhdaítear ionas gur féidir a saintréithe a nascadh le tuairisceoirí ar féidir le painéal blaiste a chomhlíonann na critéir a leagtar síos i gcaighdeán UNE-EN-ISO 17025 measúnú a dhéanamh orthu.

6. **Athruithe ar chleachtais fíoneolaíocha shonracha**

TUAIRISC:

Déantar an neart íosta alcóil nádúrtha de réir toirte a shloinneadh i gcéimeanna Baumé (°Bé) in ionad % toirte. Tá sé laghdaithe freisin go 11 °Bé i bhfíonchaora dearga atá beartaithe d'fhíonta dearga agus méadaíodh é go 13 °Bé i bhfíonchaora dearga atá beartaithe le haghaidh fíonta licéir.

Baineann an leasú seo le pointe 3(a) (Cleachtais fíoneolaíocha shonracha) den tsonraíocht táirge agus le pointe 5.1 (Cleachtais fíoneolaíocha shonracha) den doiciméad aonair.

Ba cheart na hathruithe sin ar an tsonraíocht táirge a aicmiú mar leasú caighdeánach faoi Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/33.

CÚISEANNA:

Rinneadh an t-athrú go Bé mar gheall gurb é an bealach is coitianta é chun an méid siúcra in úrfhíon bunaithe ar a dlús a thomhas, agus seachnaítear úsáid sheasta as táblaí comhshó.

Dá bhrí sin, leis an athrú seo simplítear an nós imeachta chun neart na bhfíonchaor a thomhas nuair a shroicheann siad na fíonlanna. Tugann sé freisin neart na bhfíonta i gcomhréir le riocht na mbarr faoi láthair agus le treochtaí an mhargaidh ag laghdú nó ag méadú na luachanna de bheagán, ós rud é go bhfásann cineálacha fíonchaor a bhfuil saintréithe an-difriúil acu le chéile i limistéar táirgthe STFC "Yecla". Is é Monastrell an príomhchineál, arb ann dó in éineacht leis na cineálacha údaraithe eile, Tempranillo, Syrah, Merlot, Cabernet Sauvignon, Garnacha Tinta, Garnacha Tintorera agus Petit Verdot.

Go ginearálta, le 10 mbliana anuas, tá na margaí ag éileamh fíonta níos séimhe, le blas torthaí orthu, atá tarraingteach do ghlúin nua tomhaltóirí a bhfuil suim acu sa chultúr fíona. Ní mór do na fíoneolaithe na huirlisí is gá a bheith acu i ngach fíonghort chun fíonta a tháirgeadh a mheallfaidh margaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus na saintréithe agus na cineálacha atá le fáil inár limistéar táirgthe á gcoinneáil ag an am céanna.

7. **Athrú ar an táirgeacht úsctha**

TUAIRISC:

Tá méadú tagtha ar ráta tiontaithe na bhfíonchaor go fíon, agus tagairt á déanamh don bhrú iomchuí chun an úrfhíon a úscadh, rud a ardaíonn an uastáirgeacht ó 70 go 74 lítear fíona in aghaidh an 100 cileagram fíonchaor.

Baineann an leasú seo le pointe 3(b) (Srianta ar na fíonta a dhéanamh) den tsonraíocht táirge agus le pointe 5.1 (Srian ábhartha ar na fíonta a dhéanamh) den doiciméad aonair.

Ba cheart na hathruithe sin ar an tsonraíocht táirge a aicmiú mar leasú caighdeánach faoi Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/33.

CÚISEANNA:

Fearacht aon tionscal agraibhia, tharla réabhlóid theicneolaíoch maidir le hearnáil an fhíona le blianta beaga anuas. Leanann an fhorbairt seo, i bhfad ó bheith ag teacht chun críche, le huirlisí nua a thairiscint d'fhíoneolaithe chun fíonta a dhéanamh níos tarraingtí, níos marthanaí agus níos báúla don chomhshaol.

Ní hamháin nach ndéanann cleachtais cosúil le húscadh a theorannú go 70 % den úrfhíon aon rud chun cáilíocht an fhíona a fheabhsú, ach cuireann siad teorainn ar na speisialtóirí ar go leor bealaí a mhéid a bhaineann sé leis an táirge is fearr a úscadh as na fíonchaora i ngach timthriall táirgeachta.

Ba cheart cleachtais fhíoneolaíocha a dhíriú ar tháirgeadh fíona ar ardchaighdeán, ag tarraingt ar eolas, ar thaithí agus ar chumas gach foirne speisialtóirí na teicnící is fearr atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo a chur i bhfeidhm, ar teicnící iad a chomhlíonann an tsonraíocht maidir le táirgeadh fíonta a chumhdaítear le STFC "Yecla".

An méadú ar an táirgeacht ó 70 lítear go 74 lítear in aghaidh an 100 cileagram fíonchaor, is méadú é atá bunaithe ar an gcaoi, nuair a chuirtear brú is mó orthu sna cantaoirí, a gcruthaíonn cuid de na cineálacha sa limistéar táirgthe seo, amhail Monastrell, Cabernet, Garnacha Tintorera agus Merlot, úrfhíonta ina bhfuil tiúchan polaifeanól ar cháilíocht an-ard, arb úrfhíonta iad nach mór, faoi na rialacha atá ann cheana, a dhiúscairt ionas nach sárófar an teorainn atá ann faoi láthair.

Leis an méadú fiúntach 4 % sin, chuirfí feabhas ar cháilíocht na bhfíonta a tháirgtear ó roinnt cineálacha faoin STFC "Yecla" nach bhfuil chomh saibhir céanna ó thaobh antóiciaininí agus polaifeanól, rud a tháirgfeadh fíon ina mbeadh tiúchan níos airde de na comhdhúile sin.

8. **Athruithe ar chleachtais saothraithe**

TUAIRISC:

Baineadh cleachtais saothraithe áirithe - rialáil uisciúcháin arna déanamh ag comhlacht bainistíochta an Bhoird Rialála agus dlúis phlandaithe íosta. Rinneadh athbhreithniú ar fhoclaíocht an téacs freisin chun a léiriú go gceadaítear treorú i gcuachphrúnáil agus i dtreilísiú araon, d'fhonn táirgí den chaighdeán is airde a fháil.

Baineann an leasú seo le pointe 3(c) (Cleachtais saothraithe) den tsonraíocht táirge agus le pointe 5.1 den doiciméad aonair.

Ní bhíonn aon athrú ar shaintréithe an táirge deiridh mar thoradh ar na hathruithe sin ar an tsonraíocht táirge, agus ba cheart iad a aicmiú mar leasú caighdeánach faoi Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/33.

CÚISEANNA:

Níor tugadh an tsonraíocht cothrom le dáta ó cruthaíodh í, agus tá sé mar aidhm againn í a chur i gcomhréir leis na cleachtais atá de dhíth iarbhír inár limistéar.

Maidir leis na cleachtais saothraithe atá le feiceáil faoi láthair inár rialacha maidir le táirgeadh, amhail rialáil uisciúcháin ag comhlacht bainistíochta an Bhoird Rialála agus na dlúis phlandaithe íosta, ní hamháin nach ndéanann siad aon rud chun cáilíocht an fhíona a fheabhsú, ach cuireann siad srian ar na feirmeoirí ar go leor bealaí a mhéid a bhaineann leis na fíonchaora is fearr a fháil le haghaidh gach timthriall táirgthe.

Ina theannta sin, meastar go bhfuil rialuithe leordhóthanacha i bhfeidhm cheana i bhfoirm na dtorthaí táirgeachta (kg/ha) a leagtar síos agus a rialaítear leis an tsonraíocht táirge.

Baineadh an rialáil uisciúcháin agus na dlúis phlandaithe íosta dá bhrí sin agus tugadh foclaíocht na tuairisce ar na cleachtais saothraithe cothrom le dáta chun go mbeidh sé níos praiticiúla agus cothrom le dáta agus chun é a oiriúnú do riachtanais saothraithe fíniúna.

9. **Leasú ar an uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir in hl/ha**

TUAIRISC:

Toisc go bhfuil an táirgeacht úsctha le haghaidh úrfhíona nó fíona á leasú, tá an uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir á leasú freisin.

Baineann an leasú seo le pointe 5 (Uastáirgeacht) den tsonraíocht táirge agus le pointe 5.2 den doiciméad aonair.

Ba cheart na hathruithe sin ar an tsonraíocht táirge a aicmiú mar leasú caighdeánach faoi Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/33.

CÚISEANNA:

An uastáirgeacht a choigeartú i ngeall ar leasú ar tháirgeacht úsctha úrfhíona nó fíona in aghaidh an 100 cileagram d'fhíonchaora bainte.

10. **Athrú ar ainm cineáil**

TUAIRISC:

Athraíodh an t-ainm Malvasia go "Malvasia Aromatica" nó "Malvasia de Sitges".

Baineann an leasú le pointe 6 (Cineálacha Fíonchaor) den tsonraíocht táirgeachta agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair toisc go meastar gur cineál tánaisteach é sin.

Ba cheart na hathruithe sin ar an tsonraíocht táirge a aicmiú mar leasú caighdeánach faoi Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/33.

CÚISEANNA:

An ainmníocht cheart a úsáid le haghaidh an chineáil sin.

11. **Athruithe ar fhoclaíocht thosca nádúrtha an naisc**

TUAIRISC:

Scriosadh an téacs a bhaineann le flúirse iarainn agus airde an limistéir agus tugadh cothrom le dáta an airde uasta ag a bhfuil na fíonghoirt lonnaithe faoi láthair.

Baineann an leasú seo le pointe 7(a) (Sonraí an limistéir gheografaigh, Tosca nádúrtha) den tsonraíocht táirge agus le pointe 8 den doiciméad aonair.

Ba cheart na hathruithe sin ar an tsonraíocht táirge a aicmiú mar leasú caighdeánach faoi Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/33 toisc nár athraíodh an nasc, d'ainneoin athruithe ar an bhfoclaíocht in áiteanna.

CÚISEANNA:

Is é an toradh a bhíonn ar mheánairde an bhairr agus airde is lú agus is mó an limistéir a thabhairt ná mearbhall a chur ar dhaoine. Roghnaíomar gan ach an airde is lú agus is mó a thabhairt (tá an dara ceann tar éis méadú) de shaothrú fíniúnacha. Mhéadaigh plandálacha fíonghoirt le déanaí sa tuaisceart an airde is mó de shaothrú fíniúna faoinár sonrúchán. Scriosadh an tagairt don fhlúirse iarainn, toisc go bhfuil teicnící nua-aimseartha fíonóireachta tar éis deireadh a chur le fadhb an deascáin iarainn.

12. **Athrú ar na dearbhuithe éigeantacha**

TUAIRISC:

Leasaíodh an dáta faoina gcaithfidh na saothraithe fíniúna an bhuaint a dhearbhú agus faoina gcaithfidh na fíonlanna an dearbhú maidir le lipéid deimhniúcháin neamhúsáidte san fhíonlann a chur isteach.

Baineann an leasú seo le roinn 8 den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Ba cheart na hathruithe sin ar an tsonraíocht táirge a aicmiú mar leasú caighdeánach faoi Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/33.

CÚISEANNA:

Mar gheall ar shaintréithe ár bpríomhchineál Monastrell, tógann an fómhar níos faide roinnt blianta, ag dul ar aghaidh go dtí mí na Samhna uaireanta. I gcás buainte den sórt sin, críochnaíonn an coipeadh ag tús mhí na Nollag. Fiú nuair a chomhlíontar na ceanglais ar fad maidir le humair fhíonóireachta a réamhroghnú i gcomhair cosaint STFC, ní dhéanann na fíonlanna sa phróiseas táirgthe cinneadh maidir le húsáid bheartaithe a dtáirgthe go dtí go dtagann deireadh leis an gcoipeadh. Sna cásanna seo, faigheann na saothraithe fíniúna ceann scríbe deiridh a dtáirgthe amach tar éis an 30 Samhain, mar sin tá sé ciallmhar síneadh a chur leis an spriocdháta sin.

Mar gheall ar chineál na n-oibríochtaí sna fíonlanna, is sprioc-am an-docht é gan ach 10 lá a thabhairt chun an dearbhú ar lipéid deimhniúcháin a chur isteach, agus ba cheart, dá bhrí sin, síneadh a chur leis go dtí an mhí dár gcionn.

13. **Ceanglais eile atá leasaithe**

TUAIRISC:

Scriosadh an téacs “Féadfaidh an comhlacht bainistíochta, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do na táirgeoirí lena mbaineann, an teorainn ar lítir úrfhíona nó fíona in aghaidh 100 cileagram d’fhíonchaora a bhaintear a mhodhnú go heisceachtúil go 74 lítear ar a mhéad i mblianta margaíochta áirithe, roimh an mbuaint agus faoi réir an chomhairliúcháin agus na seiceálacha is gá”.

Baineann an leasú seo le roinn 8 den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Ba cheart na hathruithe sin ar an tsonraíocht táirge a aicmiú mar leasú caighdeánach faoi Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/33.

CÚISEANNA:

Ós rud é gur méadaíodh an táirgeacht sin go buan (féach an leasú a bhaineann leis an táirgeacht úsctha), ní gá é a mhéadú ar bhonn ad hoc.

14. **An fhaisnéis rialaithe a thabhairt cothrom le dáta**

TUAIRISC:

Tugadh sonraí an údaráis inniúil agus an chomhlachta rialaithe tarmligthe cothrom le dáta.

Baineann an leasú seo le roinn 9 den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Ba cheart na hathruithe sin ar an tsonraíocht táirge a aicmiú mar leasú caighdeánach faoi Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/33.

CÚISEANNA:

Tá an deis á glacadh chun an fhaisnéis seo a thabhairt cothrom le dáta.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Yecla

2. **Cineál táisc gheografaigh**

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí táirgí fíniúna**

1. Fíon

3. Fíon licéir

4. Fíon súilíneach

4. **Tuairisc ar an bhFíon nó ar na fíonta**

1. FÍON — Fíonta Geala

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

— Cuma: glan agus gléigeal, bánbhuí le dathanna buí órga, d'fhéadfadh imir ghlas a bheith ag an imeall.

— Dea-bholadh: glan agus blas torthaí agus/nó blas bláthanna. Má aosaíodh an fíon in adhmad, cothromaítear iad seo leis an mboladh tipiciúil a bhíonn ón mbairille.

— Blas: aigéadacht mhaith, blas torthaí. Má aosaíodh an fíon in adhmad, is féidir an blas clasaiceach sin a bhlaiseadh san fhíon. Déantar fíonta leathmhilse agus fíonta milse a chothromú i dtaca lena neart alcóil, lena n-aigéadacht agus lena méid siúcra iarmharach.

* Má tá an méid siúcra níos mó ná nó cothrom le 5 g/l, is é 250 mg/l an cion uasta sulfair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	10,5
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	13,3
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	200

2. FÍON – Fíonta Rosé

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

— Cuma: glan agus gléigeal, idir dhath éadrom an bhradáin go bándearg.

— Dea-bholadh: dea–bholaithe torthaíocha agus/nó bláthacha.

— Blas: aigéadacht mhaith, cothrom, blas torthaí. Déantar fíonta leathmhilse agus fíonta milse a chothromú i dtaca lena neart alcóil, lena n-aigéadacht agus lena méid siúcra iarmharach.

* Má tá an méid siúcra níos mó ná nó cothrom le 5 g/l, is é 250 mg/l an cion uasta sulfair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	11
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	13,3
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	200

3. FÍON - Fíonta Dearga

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

— Cuma: déine dathanna measartha nó láidir. D'fhéadfadh dathanna corcra nó dathanna silíní-dearg, dearg-rúibíneach nó líocha brící a bheith ar dhath na silíní corcairghorm-imir, corcra agus ar dhath an ghairnéid.

— Dea-bholadh: torthaí úra agus/nó aibí, de dhéine maith. I gcás fíonta a bhíonn coipthe nó aosaithe in adhmad, beidh cothromaíocht idir na torthaí agus an t-adhmad. Ró-aibiú de bheagán, spíosraí, blas balsamach, rianta den dair.

— Blas: sraitheanna éagsúla le marthanacht mhaith, tathag, teas agus tainniní aibithe agus boga, an-chothrom. Déantar fíonta leathmhilse agus fíonta milse a chothromú i dtaca lena neart alcóil, lena n-aigéadacht agus lena méid siúcra iarmharach.

* Má tá an méid siúcra níos mó ná nó cothrom le 5 g/l, is é 200 mg/l an cion uasta sulfair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	12
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	20
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	150

4. FÍON LICÉIR

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

— Cuma: sin den chineál fíona: geal, rosé nó dearg.

— Dea-bholadh: déine maith a bhaineann leis an aosú, an-dlúth agus saintréitheach nuair a dhéantar iad le fíonchaora Monastrell.

— Blas: an-chothrom idir milseacht agus searbhas, lán-tathag, olartha le hiarbhlas fada.

* Má tá an méid siúcra níos mó ná nó cothrom le 5 g/l, is é 200 mg/l an cion uasta sulfair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	15
Íosmhéid aigéadachta iomláine	3,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	20
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	150

5. FÍON SÚILÍNEACH

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

— Cuma: i gcás inar fíon geal an bunfhíon, bíonn dath buí éadrom agus buí órga air den chuid is mó. I gcás inar rosé an bunfhíon, bíonn dathanna bándearga ar na fíonta, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh imireacha den sú craobh, sútha talún, cuiríní dearga nó dath an bhradáin iontu. I gcás inar fíon dearg an bunfhíon, bíonn dathanna dearga ar na fíonta maille le himireacha de chorcairghorm, corcra, gairnéad, silíní nó rúibín.

— Dea-bholadh: le boladh bláthanna nó torthaí a bhaineann go sonrach leis an gcineál.

— Blas: cothromaithe idir siúcra agus aigéadacht.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	11,5
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	16,7
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	235

5. **CLEACHTAIS FÍONÓIREACHTA**

5.1. *Cleachtais fíoneolaíochta shonracha*

1.

Cleachtas fíoneolaíochta sonrach

Ní mór neart íosta 11 °Bé a bheith ag na fíonchaora le haghaidh fíonchaora dearga agus 10 °Bé le haghaidh fíonchaora geala; maidir le fíonta licéir, caithfidh an neart íosta a bheith 13°°Bé.

2.

Srianadh ábhartha maidir leis na fíonta a dhéanamh

— Chun úrfhíon a úscadh ó fhíonchaora úra i bhfíonóireacht lena mbaineann coipeadh ó chraicne, nó ó fhíon ó mharc fíonchaor coipthe i bhfíonóireacht dhearg, is iad na córais mheicnithe amháin a cheadaítear na córais sin nach ndéanann damáiste do na codanna soladacha de thriopaill fíonchaor. Tá toirmeasc ar bhrúiteoirí lártheifeacha ardluais a úsáid.

— Tá toirmeasc ar fháisceáin leanúnacha a úsáid.

— Ní sháróidh an táirgeacht 74 lítear d'fhíon críochnaithe in aghaidh gach 100 cileagram d'fhíonchaora a bhaintear agus úrfhíon nó fíon á úscadh agus á scaradh ón marc fíonchaor. Ní fhéadfar baisceanna úrfhíona nó fíona a fhaightear trí bhrú mí-oiriúnach a úsáid chun fíonta cosanta a dhéanamh i gcás ar bith.

3.

Cleachtas saothraithe

Is iad na córais treoraithe agus phrúnála a úsáidtear i bhfíonghoirt an córas traidisiúnta cuachphrúnála agus a leaganacha malartacha, agus treilísiú agus a chuid leaganacha malartacha.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. PLANDÁLACHA NEAMH-UISCITHE DE CHINEÁLACHA GEALA

4 500 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2.

33.3 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. PLANDÁLACHA NEAMH-UISCITHE DE CHINEÁLACHA DEARGA

4 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4.

29.6 heictilítear in aghaidh an heicteáir

5. PLANDÁLACHA UISCITHE DE CHINEÁLACHA GEALA

9 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6.

66.6 heictilítear in aghaidh an heicteáir

7. PLANDÁLACHA UISCITHE DE CHINEÁLACHA DEARGA

7 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

8.

51.8 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

I gcás na bhfíonta a chumhdaítear leis an sonrúchán tionscnaimh tá an limistéar ina saothraítear na fíonchaora comhdhéanta de na limistéir talún atá áirithe sa chlár fíonghort, iad go léir suite laistigh de bhardas Yecla i réigiún Murcia.

Is ionann an limistéar fíonóireachta agus na limistéir ina bhfástar agus ina n-aosaítear na fíonchaora.

7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

MONASTRELL

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

Tá aeráid ilchríochach thirim in Yecla le samhradh te agus geimhreadh an-fhuar. Titeann 300 milliméadar báistí ar an meán ann in aghaidh na bliana. Scalann an ghrian ann ar feadh níos mó ná 3 000 uair an chloig in aghaidh na bliana.

Is é an saintréith is tábhachtaí i dtéarmaí rilíf an limistéir seo ná airde shuntasach an ardchláir.

Saintréith shuntasach den chóras uisce é cineál ionoirfic na n-abhantrach sa limistéar. Is ithreacha calcacha agus domhain iad na hithreacha, i measc rudaí eile, le tréscaoilteacht mhaith agus iad lag go háirithe in ábhar orgánach. Tá fianaise sheandálaíochta ann go bhfuil fíniúnacha ag fás sa limistéar ón gcéad aois RC.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór an méid seo a leanas a bheith ar lipéid na bhfíonta pacáistithe: “Denominación de Origen Yecla” nó “Denominación de Origen Protegida Yecla”. Scrúdaíonn an comhlacht cigireachta na lipéid, comhlacht a fhíoraíonn go bhfuil ceanglais na sonraíochta táirge á gcomhlíonadh.

Ní mór séalaí ráthaíochta nó lipéid deimhniúcháin a bheith ar an bpacáistiú ina seoltar na fíonta, agus iad uimhrithe sa dá chás, arna n-eisiúint ag an gcomhlacht rialaithe nó a úsáideann uimhriú arna sholáthar ag an gcomhlacht rialaithe agus a ghreamaítear ag an bhfíonlann féin (aon úsáid amháin).

Nasc chuig an tSonraíocht táirge

https://www.carm.es/web/integra.servlets.Blob?ARCHIVO=Pliego_Condiciones_DOP_Yecla__definitivo[1].pdf&TABLA=ARCHIVOS&CAMPOCLAVE=IDARCHIVO&CAMPOIMAGEN=ARCHIVO&IDTIPO=60&VALORCLAVE=77958